Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Meitheamh 2026**
**(OR. en)**

**9854/26**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2026/0127(NLE)**

**POLCOM 201**
**COASI 94**

## GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le liosta athbhreithnithe d'eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 de agus maidir le liosta athbhreithnithe saineolaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 de |

**CINNEADH (AE) 2026/… ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, maidir le liosta athbhreithnithe d'eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 de agus maidir le liosta athbhreithnithe saineolaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 de**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fhomhír, i gcomhar le hAirteagal 218(9), de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rinne an tAontas an Comhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, ('an Comhaontú') a thabhairt i gcrích trí bhíthin Chinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle[1].

(2) De bhun Airteagal 14.18 den Chomhaontú, bunóidh an Coiste um Thrádáil, arna bhunú de bhun Airteagal 15.1 den Chomhaontú, liosta de 15 dhuine aonair a bheidh toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe ('an liosta eadránaithe'). Trí bhíthin Chinneadh Uimh. 2/2011 an Nollaig 2011[2], bhunaigh an Coiste um Thrádáil liosta na n-eadránaithe.

(3) Chuir na Páirtithe sa Chomhaontú ('na Páirtithe') in iúl gur mian leo roinnt de náisiúnaigh na Cóiré, náisiúnaigh Bhallstáit an Aontais agus roinnt de neamhnáisiúnaigh atá ag feidhmiú mar chathaoirligh ar liosta na n-eadránaithe a ionadú. Chun go dtiocfaidh an t-ionadú sin i bhfeidhm, is gá don Choiste um Thrádáil liosta athbhreithnithe na n-eadránaithe a ghlacadh.

---

[1] Cinneadh (AE) 2015/2169 ón gComhairle an 1 Deireadh Fómhair 2015 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 307, 25.11.2015, lch. 2, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2015/2169/oj)

[2] Cinneadh Uimh. 2 ón gCoiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré an 23 Nollaig 2011 maidir le bunú liosta na n-eadránaithe dá dtagraítear in Airteagal 14.18 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 58, 1.3.2013, p. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/111(1)/oj).

(4) De bhun Airteagal 13.15(3) den Chomhaontú, tá na Páirtithe le teacht ar chomhaontú maidir le liosta de 15 dhuine ar a laghad a bhfuil saineolas acu ar na saincheisteanna a chumhdaítear leis an gCaibidil maidir le trádáil agus forbairt inbhuanaithe den Chomhaontú atá toilteanach agus ábalta a bheith ina bpainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú ('na saineolaithe'). Trí bhíthin Chinneadh Uimh. 2/2012 an 27 Meitheamh 2021[3], ghlac an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré('an Coiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe’) bhunaigh sé liosta de 18 saineolaí. Rinneadh an liosta sin a athbhreithniú go deireanach in 2019 trí bhíthin Chinneadh Uimh 1/2019[4] ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe.

(5) Chuir na Páirtithe in iúl gur mian leo daoine eile a chur in ionad roinnt de na saineolaithe neamhnáisiúnaigh atá ag feidhmiú mar chathaoirligh ar liosta na saineolaithe. Chun go dtiocfaidh an t-ionadú sin i bhfeidhm, is gá don Choiste um Thrádáil idir an tAontas agus an Chóiré liosta athbhreithnithe na saineolaithe a ghlacadh.

(6) Tá an Coiste um Thrádáil beartaithe liosta athbhreithnithe na n-eadránaithe agus liosta athbhreithnithe na saineolaithe a ghlacadh le linn an chéad chruinnithe eile dá chuid nó, más luaithe ná sin é, trí nós imeachta i scríbhinn.

---

[3] Cinneadh Uimh. 2/2012 ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré an 27 Meitheamh 2012 maidir le Painéal Saineolaithe a bhunú dá dtagraítear in Airteagal 13.15 den Chomhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile (IO L 331, 1.12.2012, lch. 54, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2012/742/oj).

[4] Cinneadh Uimh. 1/2019 ón gCoiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe idir an tAontas agus an Chóiré an 30 Meán Fómhair 2019 maidir le liosta athbhreithnithe saineolaithe atá toilteanach agus ábalta feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú (IO L 264, 17.10.2019, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2019/1734/oj).

(7) Beidh éifeachtaí dlíthiúla ag na Cinntí ón gCoiste um Thrádáil, má ghlactar é, ar an Aontas.

(8) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh sa Choiste um Thrádáil a bhunú, maidir leis an liosta athbhreithnithe eadránaithe agus maidir leis an liosta athbhreithnithe saineolaithe a bhunú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil, arna bhunú leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile ('an Comhaontú'), maidir le liosta athbhreithnithe na ndaoine aonair atá toilteanach agus ábalta a bheith ag feidhmiú mar eadránaithe i gcomhréir le hAirteagal 14.18 den Chomhaontú, beidh sé bunaithe ar dhréacht-Chinneadh an Choiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh sa Choiste um Thrádáil, arna bhunú leis an gComhaontú, maidir le liosta athbhreithnithe na saineolaithe atá toilteanach agus ábalta feidhmiú mar phainéalaithe i gcomhréir le hAirteagal 13.15 den Chomhaontú, beidh sé bunaithe ar dhréacht-Chinneadh an Choiste um Thrádáil atá i gceangal leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh in/sa …, …

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*